# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011

## LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 23 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic.**
Tá na topaicí roinnte mar seo a leanas:
Na topaicí 1 – 5 = **ROINN A** – An Saol Gréagach
Na topaicí 6 – 10 = **ROINN B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic,** mar leanas:
**dhá** thopaic as **ROINN A;**
**dhá** thopaic as **ROINN B;**
an **cúigiú** topaic as **ROINN A** nó **B**

Tá 80 marc ag gabháil le gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80 × 5) = 400.

Na fótagraif a bhfuil gá leo chun roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **ROINN A – An Saol Gréagach** | **ROINN B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Micéiné agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – Poimpé. |
| Topaic 5: Acrapoil na hAithine. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |

**[Thall**

**ROINN A**

**An Saol Gréagach**

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cé hé Chryseis?

(ii) Cén fáth ar iarr Helenus ar Eachtar dul isteach i gcathair naTraí i Leabhar 6?

(iii) Cén fáth ar imigh Patroclus chuig Aichill agus é ag sileadh na ndeor?

(iv) Déan staidéar ar Fhótagraf **1** ar PháipéarX agus mínigh cad tá ag tarlú.

(v) I Leabhar 24 den **Íliad** conas mar a bhí Hermes faoi bhréagriocht nuair a cuireadh amach é chun cabhrú le Priam?

(vi) Cé hí Cassandra? (24)

(*b*) (i) Scríobh tuairisc ar an ról a ghlac na daoine seo a leanas san **Íliad**
a) Apalló (12)
b) Aitéiné (12)

(ii) Cad a bhagraíonn Séas ar Héire ag deireadh Leabhar 1?
Cén fáth a ndéanann sé é seo? (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas ó Leabhar 6 den **Íliad** agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ansin rug Adrestus greim ar ghlúine Mheinealás agus d'impigh sé air: "Glac beo mé, a mhic Atreus, agus buaigh an t-airgead fuascailte lena mbaineann an fiúntas ceart. Tá m'athair saibhir, tá go leor taisce i stóras aige ina theach. Thabharfadh m'athair airgead fuascailte gan teorainn duit ón stóras seo, dá mbeadh a fhios aige go raibh mé beo mar gheall ar longa na n-Acháiach."

Mar sin a labhair sé agus thosaigh sé ag imirt tionchair ar Mheinealás ina chroí istigh: agus bhí Meinealás ar tí é a thabhairt dá leifteanant chun é a thógáil ar ais chuig mearlonga na n-Acháiach. Ach tháinig Agaiméamnón ag rith chuige chun aghaidh a thabhairt air agus cháin sé é go hard: "A Mheinealás a dheartháir ionúin, cén fáth a bhfuil tú buartha faoi shaolta na bhfear? Ar chaith muintir na Traí go han-mhaith leat i do theach? Níor chóir go n-éalódh duine ar bith acu ón scrios uainne, ach ní mór iad ar fad a dhíothú le chéile, iad a ghlanadh amach ó Ilios gan radharc gan searmanas." Leis na focail sin d'iompaigh an laoch intinn a dhearthár, agus mheall sé é leis an gcomhairle cheart. Bhrúigh Meinealás Adrestus uaidh lena láimh agus sháigh an tiarna Agaiaméamnón é sa chliathán.

(i) Conas a fhreagraíonn Meinealás ar dtús d'ímpí Adrestus? (8)

(ii) Conas a chuireann Agaiméamnón ina luí air a aigne a athrú? (8)

(iii) An dóigh leat go raibh an ceart ag Agaiméamnón an chomhairle seo a chur ar a dheartháir?
Tabhair cúis le do fhreagra. (4)

(iv) Cén chathair a rialaigh Meinealás roimh Chogadh na Traí? (4)

**(80 marc)**

**Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén chomhairle a chuir Hecataeus ar Aristagoras?

(ii) Cén tasc a rinne Pheidippides do na hAithnigh roimh Chath Mharatón?

(iii) Nuair a thuig na Spartaigh go raibh siad déanach do Chath Mharatón, cad a rinne siad sular fhill siad abhaile?

(iv) Cén fáth ar thug Xerxes cead do na spiairí Gréagacha a bhí gafa filleadh ar an nGréig?

(v) Cad a bhí ar siúl ag na Spartaigh nuair a chonaic an scabhta ón Pheirs iad don chéad uair os comhair an bhalla ag Thermopylae?

(vi) Nuair a bhí sé ag féachaint ar chath Shalamis, cad a d'iarr Xerxes ar a scríobhaithe a bhreacadh síos? (24)

(*b*) (i) Cén fáth ar chaoin Xerxes nuair a rinne sé léirbhreithniú ar a thrúpaí ag Abydos? (6)

(ii) Breac síos **dhá** chúis a thug Xerxes dá chomhairle faoina mhian chun ionradh a dhéanamh ar an nGréig. (8)

(iii) Déan cur síos ar an gCath a tharla ag Plataea. (18)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as **Éirí agus Turnamh na hAithine – Teimisticléas** le Plutarch agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ar deireadh thiar shroich a chomhshaoránaigh fiú an pointe nuair a d'éist siad le scéal scannalach ar bith faoi i ngeall ar an éad, agus mar sin níor mhór do Theimisticléas a mhórghníomhartha a chur i gcuimhne don Tionól go dtí nach raibh siad in ann é a fhulaingt a thuilleadh. Uair amháin dúirt sé leo siúd a bhí ag gearán faoi: 'Cén fáth a bhfuil tuirse oraibh ó bheith ag fáil buntáiste chomh minic sin ó na fir chéanna?' Seachas seo, thug sé masla do na daoine nuair a thóg sé Teampall Artemis, mar ní hamháin gur thug sé an t-ainm Aristoboule don bhandia Artemis, nó Artemis an duine ba chríonna i gcomhairle – ag tabhairt noid gurbh é féin a thug an chomhairle ab fhearr do na hAithnigh agus do na Gréagaigh – ach roghnaigh sé suíomh dó in aice lena theach féin ag Melite.

(i) Dar le Plutarch, cén fáth a raibh na hAithnigh sásta le n-éisteacht le clúmhilleadh faoi Theimisticléas? (4)

(ii) Cén fáth ar chuir na hAithnigh in aghaidh Theimisticléas nuair a thóg sé teampaill d' Artemis. Tabhair **dhá** chúis. (8)

(iii) Ba é an tairngreacht a rinne Oracal Dheilfe do na hAithnigh ná "Ní choinneoidh rud ar bith slán sibh ach balla adhmaid." Cad ba chiall leis an mballa adhmaid dar le Teimisticléas? (4)

(iv) Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an topaic seo, conas a chaith na hAithnigh le Teimisticléas i ndiaidh an chogaidh? An dóigh leat go raibh sé sin cothrom? Mínigh do fhreagra. (8)

**(80 marc)**

**[Thall**

**Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéis.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén céad inar rugadh Sócraitéas?

(ii) Ainmnigh ceann **amháin** de na grúpaí a cheistigh Sócraitéas ionas go ndéanfaí tástáil ar an Oracal a tugadh dó mar gheall air féin.

(iii) Ainmnigh an dráma ina bhfuil "Sócraitéas á iompar timpeall, agus é ag rá go bhfuil sé ag siúl ar an aer." Cé a scríobh an dráma seo?

(iv) Cén fáth ar chuir na hAithnigh bád go dtí Déileas gach uile bhliain?

(v) Conas a bhí Crito in ann dul isteach sa phriosún, fiú roimh bhreacadh an lae, chun cuairt a thabhairt ar Shócraitéas?

(vi) Cérbh é Evenus de Paros? (24)

(*b*) (i) Mínigh na príomhargóintí a rinne a chúiseoirí i gcoinne Shócraitéis. (12)

(ii) Déan cur síos ar conas a chosain Sócraitéas é féin i gcoinne na n-argóintí seo. (12)

(iii) Mínigh cén rud a thaitníonn leat **nó** cén rud nach dtaitníonn leat faoi Shócraitéas. Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

*(c)* Léigh an comhrá seo a leanas idir Sócraitéas agus Critobulus, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**SÓCRAITÉAS**: Is féidir liom a thaispeáint chomh maith duit go bhfuil an-éagsúlacht sa chaoi a gcaitheann fir chéile lena mná céile, agus go n-eiríonn le cuid acu a gcomhoibriú a thuilleamh agus ag cuid eastát a mhéadú dá bharr, ach go dtarraingíonn fir eile scrios iomlán ar a dtithe tríd an gcaoi a gcaitheann siad lena mná.

**CRITOBULUS:** Agus cé acu ar chóir an milleán a chur, ar an bhfear nó ar an mbean a Shocraitéas?

**SÓCRAITÉAS:** Nuair a bhíonn caora tinn, de ghnáth cuirimid an milleán ar an aoire. I gcás mná céile, má fhaigheann sí teagasc sa tslí cheart óna fear céile agus fós má éiríonn go dona léi, b'fhéidir gur chóir di an milleán a roinnt: ach mura dtugann sé teagasc dá bhean chéile conas rudaí a dhéanamh sa tslí cheart agus ansin má fhaigheann sé amach go bhfuil sí aineolach nár chóir dó an milléan a thógáil air féin? Ar aon chuma, inis an fhírinne dúinn. An bhfuil duine ar bith a gcuireann tú muinín níos mó ann ná i do bhean chéile?

**CRITOBULUS:** Níl.

**SÓCRAITÉAS:** Ach an bhfuil aon duine eile ann lena labhraíonn tú níos lú?

**CRITOBULUS:** Caithfidh mé a admháil nach bhfuil aon duine nach labhraím níos lú leis ná le mo bhean chéile.

**SOCRATES:** Agus phós tú í nuair nach raibh inti ach páiste, nuair nach raibh tada beagnach feicthe ná cloiste aici?

**CRITOBULUS:** Fíor duit.

**SOCRATES:** Dá bhrí sin chuirfeadh sé i bhfad níos mó iontais ort dá dtuigfeadh sí cad ba chóir di a rá nó a dhéanamh seachas dá ndéanfadh sí botúin.

(i) Tar éis an sliocht **seo** a léamh cé air/uirthi a bhfuil an milleán le cur dar le Sócraitéas má tharraingítear scrios ar theach? Mínigh do fhreagra. (8)

(ii) Cad a insíonn an sliocht seo duit faoi stádas na mban céile san Aithin ársa? (8)

(iii) Cad é an t-aon fhábhar amháin a d'iarr Sócraitéas dá mhic nuair a d'fhás siad suas? (8)

**(80 marc)**

**Topaic 4: Micéiné agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmnigh an **dá** gheata mhóra i gcathair na Traí.

(ii) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **2** ar Pháipéar **X**?

(iii) Cén tír nua-aimseartha ina bhfuil suíomh na Traí ársa?

(iv) Cé a thaispeántar i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X**? Cad tá á chaitheamh aici de réir dealraimh?

(v) Ainmnigh rud **amháin** a fuair na seandálaithe i Pylos.

(vi) Conas a chuir Carl Blegen lenár gcuid eolais faoin Traí? (24)

(*b*) (i) Déan cur síos achomair ar **dhá** ghné den phálas Micéineach. (8)

(ii) Tabhair cuntas ar thorthaí taighde Heinrich Schliemann i gCiorcal Tuama A i Micéine. (12)

(iii) Cad é do thuairim faoi mhodhanna tochailte Schliemann? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (I do fhreagra is féidir leat tagairt a dhéanamh do Mhícéine agus don Traí araon.) (12)

(*c*) (i) Ainmnigh an Rí a bhí i réimeas i a) Micéine **agus** b) sa Traí nuair a bhí Cogadh na Traí ar siúl. (6)

(ii) Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an topaic seo, an dóigh leat go bhféadfadh Cogadh na Traí tarlú? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(iii) Cérbh é Laocöon? Déan cur síos ar cad a tharla dó. (8)

(iv) Cérbh é Neastór? (2)

**(80 marc)**

**Topaic 5: Acrapoil na hAithine.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén bhaint a bhí ag Aristeides le Léig Dhéileas?

(ii) Cad iad dealbha marmair Elgin?

(iii) Cérbh é Ictinus?

(iv) Cathain a rinneadh ceiliúradh ar an Fhéile Ollmhór Panaithneach?

(v) Conas a rinneadh Pátrún na hAithine d'Aitéiné?

(vi) Cad a tharla don Phartanón i 1687? (24)

(*b*) (i) Cé a thaispeántar i bhFótagraf **4** ar Pháipéar **X**? (4)

(ii) Ainmnigh an duine a rinne an dealbhdóireacht ar an bPartanón. (4)

(iii) Déan cur síos ar **thrí** ghné den taobh istigh den Phartanón. Is féidir úsáid a bhaint as sceitse mar chuid den fhreagra. (12)

(iv) Déan staidéar ar Fhótagraf **5** ar Pháipéar **X** a thaispeánann dealbh ó fhríos an Phartanón .

a) Cé a thaispeántar sa dealbh seo? (6)

b) An aontaíonn tú go bhfuil na figiúir dealbhaithe go han-mhaith?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (6)

(*c*) Déan staidéar ar Fhótagraf **6** on Pháipéar **X** a thaispeánann athchruthú den Propylaea.

(i) Cad ba é an Propylaea? (6)

(ii) Cad é an t-ord ailtíreachta inar tógadh an Propylaea? Tabhair cúis **amháin** a thacaíonn le do fhreagra. (6)

(iii) Cad is caryatid ann? Cén foirgneamh san Acrapoil ar a bhfeicfeá caryatid? (6)

(iv) Cén bhaint a bhí idir an dia Dinísias agus an Acrapoil? (6)

**(80 marc)**

## ROINN B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth a raibh fearg ar Neptune le hAeólas?

(ii) I Leabhar 1 den **Aeinéid**, cén fáth ar chuir Aeinéas Achates ar ais go dtí an long?

(iii) Conas a d'úsáid na Gréagaigh oileán Tenedos i Leabhar 2 den **Aeinéid**?

(iv) Féach ar Fhótagraf **7** ar Pháipéar **X** a thaispeánann Aeinéas ag éalú ón Traí. Ainmnigh an duine atá á iompar aige.

(v) Conas a d'aimsigh Aeinéas an Chraobh Órga?

(vi) Conas a thrasnaigh Aeinéas abhainn an Stiocs? (24)

(*b*) (i) Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna difriúla i bhforbairt an chaidrimh idir Díodó agus Aeinéas. (24)

(ii) Tar éis duit an **Aeinéid** a léamh, an dtaitníonn Díodó leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 9 den **Aeinéid**, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ar deireadh thiar nuair a chuala siad faoi ár a gcuid fear, tháinig ceannairí na Traí ar an láthair agus ba léir dóibh go raibh na comhghuallaithe ag scaipeadh go raibh agus an namhaid laistigh de na ballaí. "An féidir le fear amháin a bheith ina chúis leis an ár seo ar fad, agus an líon sin de na fir throda ab fhearr atá agaibh a chur chun báis ar fud na cathrach agus é fós a bheith beo? Nach bhfuil spiorad ar bith ionaibh? Nach bhfuil náire dá laghad oraibh? Nach bhfuil smaoineamh dá laghad agaibh don tír dhúchais atá ag fulaingt, nó dod dhéithe ársa nó d'Aeinéas Mór?" Ba iad seo na focail a thug ionsparáid dóibh. Chruinnigh siad agus choimeád siad go dlúth sna línte nuair a thosaigh Turnus ag éirí as an troid de réir a chéile, agus é ag dul i dtreo na habhann agus an chuid sin den champa ag lúb na habhann. Nuair a chonaic siad é seo d'ionsaigh na Traígh ar shlí níos déine. Bhí siad ag screadaíl amach in ard a ngutha agus ag dul isteach air ar nós paca sealgairí ag déanamh íonsaí ar leon fíochmhar; bíonn sceon ar an leon agus bogann sé siar, ach bíonn sé fós dainséarach agus é ag stánadh ar a ionsaitheoirí; ní ligeann a fhearg agus a mhisneach dó teitheadh. Díreach mar sin a bhog Turnus ar chúl, bhí sé neamhchinnte ach ní raibh deifir air, agus bhí a intinn ar mire le fearg. Chaith sé é féin i lár a chuid naimhde faoi dhó fiú, ag briseadh a ranganna agus á gcur ag cúlú le taobh na mballaí.

(i) Conas a d'aontaigh ceannairí na Traí a gcuid fear agus conas a chuir siad iad ag troid i gcoinne Turnus? (6)

(ii) Cén t- ainmhí lena gcuirtear Turnus i gcomparáid sa sliocht seo? (4)

(iii) Cén t-imprisean a fhaigheann tú de Thurnus ón sliocht seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(iv) An dóigh leat go dtuilleann Aeinéas an t-ainm 'Mór' (líne 7)? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

**(80 marc)**

**[Thall**

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén baile mór a bhfuil an dráma suite ann?

(ii) "Tá mo bhaile san Aithin agus tá mo mháistir ann freisin. Sa teach seo atáim mar aoí." Cé a deir an méid seo agus cé leis a deir sé é?

(iii) Cé léi ar lig Acroteleutium air go raibh sé pósta?

(iv) Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le masc a chaitheamh ar an stáitse.

(v) Cad is *scaenae frons* ann san amharclann Rómhánach?

(vi) Cén fáth a mbíonn ainmneacha Gréagacha de ghnáth ar na carachtair i ndrámaí le Plautus? (24)

(*b*) (i) Déan cur síos ar charachtar Pyrgopolynices. I do fhreagra áirigh roinnt de na rudaí a deir sé **agus** roinnt de na rudaí a dhéanann sé sa dráma. (16)

(ii) An bhfuil athrú iomlán tagtha air ag deireadh an dráma, dar leat ? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(iii) An bhfuil aon ócáid sa dráma nuair a bhíonn trua agat dó? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas ó dhráma eile a scríobh Plautus ar a dtugtar **Na Príosúnaigh**. Tá carachtar darbh ainm Ergasilus ag caint leis féin.

Mar sin a imíonn sé, agus fágann sé mé le hardsmacht ar an mbia! A Dhia na bhFlaitheas! Féach orm ag dícheannú na gconablach ! Hurá don mharú i measc na mucraí agus don chreachadh muiceola. Tig leis an ruipelog croitheadh agus tig le craiceann rósta titim as a chéile, tig le búistéirí agus le leasaitheoirí bágún titim i bhfanntais le tuirse. Ach ní hea, ná cuirimis am amú ag liostáil gach ní a chuirfidh le beathú an ghoile! Táim ag dul chun breith a thabhairt ar an mbágún agus chun deireadh a chur lena gcuid ainnise do na liamhása bochta ar crochadh ar mheá cothrom.

(i) Tá carachtar amháin san **Saighdiúir Maíteach** atá an-chosúil le Ergasilus. Ainmnigh an carachtar sin. Mínigh do fhreagra. (6)

(ii) An dóigh leat go bhfuil an óráid seo greannmhar? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

(iii) Is carachtar eile é Lurcio a sholáthraíonn greann san **Saighdiúir Maíteach.** Cén post atá aige? Conas a sholáthraíonn sé greann sa dráma? (8)

(iv) Cén fáth a raibh Sceledrus thuas ar an díon? (4)

**(80 marc)**

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó mar fhreagra ar gach ceist. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth ar sheol Iúil Caesar, go luath ina shaol, go Rí Nicomedes i mBithynia?

(ii) Conas a chuir Caesar píonós ar na píoráidí a d'fhuadaigh é níos luaithe?

(iii) Le linn do Caesar a bheith ina chonsal, cén fáth ar choimeád Bibulus é féin faoi ghlas ina theach?

(iv) "Tig leat an dísle a chaitheamh." Cad a bhí i gceist ag Caesar sna focail sin?

(v) Cad a rinne Caesar nuair a thug Theodotus cloigeann Phoimpéis dó san Eigipt?

(vi) Cérbh í Aurelia? (24)

(*b*) (i) Throid Caesar feachtais i gcoinne roinnt treibheanna sa Ghaill. Tabhair cur síos achomair ar **dhá** fheachtas a rinne Caesar sa Ghaill. .(16)

(ii) Breac síos **dhá** phointe ar cheachtar díobh seo: iníon Caesar, Julia, **nó** bean chéile Caesar Pompeia. (8)

(iii) Ainmnigh **dhá** cháilíocht de chuid Caesar a thaitníonn leat. Mínigh cén fáth ar roghnaigh tú na cáilíochtaí sin i ngach cás. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Beatha Cicearó** le Plútarc agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Nuair a bhí an beart curtha i gcrích ag Brutus, Cassius agus na daoine eile, chuir cairde Caesar le chéile ina gcoinne agus bhí eagla ann go mbeadh an Róimh sáite i gcogadh cathartha arís. Ag an bpointe seo, ag cruinniú den Seanad thug Cicearó óráid fhada a bhí an-oiriúnach don ócáid agus d'áitigh sé ar an Seanad aithris a dhéanamh ar na hAithnigh agus vóta a chaitheamh le haghaidh pardúin dóibh siúd a ghlac páirt i marú Caesar agus cúigí a dháileadh ar Bhrutus agus ar Cassius. Níor tháinig rud ar bith as na moltaí seo áfach. Bhí trua ag na daoine do Caesar, agus nuair a chonaic siad a chorp marbh á iompar tríd an bhfóram, agus nuair a thaispeáin Antaine na baill éadaigh ar maos le fuil agus iad tollta agus pollta i ngach áit le claimhte, d'éirigh siad ar mire le fearg, chuardaigh siad an fóram ar fad le haghaidh na ndúnmharfóirí, agus le tóirsí ina lámha acu rith siad isteach chun a dtithesan a dhó síos go talamh.

(i) Cén fáth ar ceapadh go mbeadh an Róimh sáite i gcogadh cathartha arís? (6)

(ii) Cén chomhairle a chuir Cicearó ar an Seanad? (6)

(iii) Cén fáth nár lean an Seanad an chomhairle seo? (6)

(iv) Conas a fuair Brutus bás? (6)

**(80 marc)**

**Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén sórt maisiúcháin a thaispeántar i bhFótagraf **8** ar Pháipéar **X**?
Cá háit a bhfeicfeá an sórt seo maisiúcháin de ghnáth.

(ii) Déan staidéar ar Fhótagraf **9** ar Pháipéar **X**. Cén bhaint atá ag Giuseppe Fiorelli leis an bhfigiúr a thaispeántar?

(iii) Cad ba *manumissio* ann?

(iv) Cén cuspóir lena n-úsáidfí an bhaisleac sa Phoimpé?

(v) Cad is *bulla* ann?

(vi) Cad is *impluvium* ann? Cá raibh sé le fáil? (24)

(*b*) (i) Déan cur síos ar an ról tábhachtach a d'imir an reiligiún i saol mhuintir na Poimpé.
I do fhreagra, is féidir leat tagairt a dhéanamh do na foirgnimh agus do na searmanais a bhaineann leis na reiligiúin sa Phoimpé. (20)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a ndearna muintir na Poimpé a mbeatha a shaothrú. (12)

(*c*) (i) Mínigh cad is brí le **ceithre** cinn de na láithreacha seo a leanas sna Folcadáin Rómhánacha:
*tepidarium frigidarium apodyterium caldarium palaestra* (8)

(ii) Déan staidéar ar Fhótagraf **10** ar Pháipéar **X**. Ainmnigh an córas teasa a thaispeántar. (4)

(iii) Ag úsáid Fótagraf **10** mar threoir, mínigh conas a d'oibrigh an córas teasa. (8)

(iv) Cén fáth a n-úsáidfí *strigil* sna Folcadáin Rómhánacha? (4)

**(80 marc)**

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad ba leagáid ann san arm Rómhánach?

(ii) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **11** ar PháipéarX?

(iii) Cén eachtra a ndéanann Áirse Titus ceiliúradh uirthi?

(iv) Cad ba *donative* ann?

(v) Cén sort gradaim le haghaidh crógachta a thaispeántar i bhFotagraf **12** ar Pháipéar **X**?

(vi) Cén fáth a raibh an leasainm Caligula ar an Impire Gaius? (24)

(*b*) Scríobh alt ar gach **ceann** de na gnéithe seo a leanas i saol saighdiúra san airm Rómhánach:

(i) A uirlisí troda **agus** a chaithéide (12)

(ii) An oiliúint a fuair sé (12)

(iii) An t-am saor a bhí aige. (8)

*(c)* Leigh an sliocht seo a leanas a dhéanann cur sios ar thús ceannairce san arm Rómhánach i ndiaidh bhás Ágastais.

Ansin thug an saighdiúir singil, Percennius, óráid phoiblí: "Ní bheidh sibh riamh sách cróga chun coinníollacha níos fearr a éileamh mura mbíonn sibh sásta iarraidh nó bagairt a dhéanamh ar an Impire úrnua Tiberius atá fós neamhchinnte mar gheall air féin. Tá seanfhir ann atá ciorraithe le créachtaí, ag tabhairt seirbhíse fós ina dtríochadú nó ina ndaicheadú bliain. Agus fiú i ndiaidh scaoileadh libh ní bhíonn deireadh fós le bhur gcuid seirbhíse, mar fanann sibh san arm mar chúltaca, fós faoin gcanbhás – an tslábhaíocht chéanna ar siúl faoi ainm eile! Agus má éiríonn libh teacht slán as na contúirtí seo ar fad, fiú ansin tógtar sibh chuig tír iargúlta agus "lonnaítear" sibh i seascann áirithe leathbháite nó ar leiceann sléibhe neamhchúraíochta. Gan dabht is gairm ghéar neamhluaíoch é an t-arm! Deirtear nach fiú an corp agus an t-anam níos mó ná dhá sesterces go leith in aghaidh an lae. Ní thiocfaidh aon bhiseach go dtí go mbunaítear an tseirbhís ar chonradh mar a leanas: pá – ceithre sesterces in aghaidh an lae; fad seirbhíse – sé bliana déag; aisce in airgead tirim a íocfar sula bhfágtar an t-arm. I ndiaidh gach ní, faigheann na Praetóraigh ocht sesterces in aghaidh an lae agus téann siad abhaile i ndiaidh sé bliana déag."

(i) Cé mhéid fear a bhí faoi cheannas ag taoiseach céid de ghnáth? (4)

(ii) Tabhair **dhá** chúis a gceapann Percennius go bhfuil an t-arm ina ghairm ghéar agus gan bhuíochas. (8)

(iii) Luaigh **dhá** fheabhsú a lorgaíonn Percennius. (8)

(iv) Cérbh iad na Praetóraigh? (4)

**(80 marc)**

**Leathanach Bán**